



Tuarascáil Bhliantúil maidir le Nochtadh Cosanta a Fuarthas in 2025

Dáta Foilsithe: 31 Márta 2026

Ceanglaítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú gach bliain a bhaineann le líon na nochtaí cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe agus na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar nochtaí den chineál sin. Níor cheart go n-aithneofaí aon duine a rinne nochtadh sa tuarascáil.

Dearbhaíonn Coimisiún na Meán go bhfuil bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha agus seachtracha araon i bhfeidhm le haghaidh nochtaí cosanta agus go bhfuil an fhaisnéis a leanas á tuairisciú aige maidir leis an nochtadh cosanta a fuarthas i gcomhréir le forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta le haghaidh na bliana féilire ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

Nochtadh Cosanta (Seachtrach)

Is é Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 arna leasú (I.R. Uimh. 524/2023) an fhoráil trína bhfuil Cathaoirleach Choimisiún na Meán ina dhuine forordaithe. In Aguisín 1 cuirtear sonraí ar fáil faoi Thuarascálacha Seachtracha a rinneadh nó a tarchuireadh chuig an gCoimisiún faoin Acht um Nochtadh Cosanta in 2025.

Nochtadh Cosanta (Inmheánach)

Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta i rith na tréimhse tuairiscithe.



Aguisín 1: Bealach Tuairiscithe Seachtrach

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025	
Tuarascálacha a fuarthas trí bhealach tuairiscithe seachtrach a bunaíodh faoi alt 7(2B) den Acht?	3
Tuarascálacha a bhfuil a measúnú le cur i gcrích ag deireadh na bliana?	2
Tuairiscithe a tarchuireadh chuig duine ainmnithe eile nó chuig an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta?	1
As na tuarascálacha go léir a fuarthas, cé mhéad a rinneadh go hanaithnid?	0
Méid na bhfiosrúcháin a d'oscail an Coimisiún?	0
Cé mhéad fiosrúcháin oscailte a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe?	0